European Commission

6 chéim phraiticiúla chun gníomhaíochtaí um maolú na bochtaineachta fuinnimh a chur chun feidhme – Treoirleabhar foghlama an Mhoil Chomhairligh maidir leis an bhFuinneamhbhochtaineacht

Fáilte go dtí an chéim dheiridh chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh – áit a ndéantar gníomhaíochtaí de phleananna. Cuidíonn an treoir foghlama seo leat dul níos faide ná fadhb a aithint agus pleanáil chun bearta maolaithe bochtaineachta fuinnimh a chur chun feidhme atá réidh le cur i bhfeidhm. Anois an t-am chun do spriocanna a iompú ina dtorthaí nithiúla.

Le céimeanna phraiticiúla chun plean gníomhaíochta nithiúil a dhéanamh den Phlean Aeráide Sóisialta Áitiúil, cinntítear leis an treoir seo go gcuirtear breithnithe sóisialta san áireamh i straitéisí aeráide. Cuireann sé creat soiléir sé chéim ar fáil chun cabhrú le bardais dul i ngleic le dúshláin áitiúla maidir le bochtaineacht fuinnimh le réitigh shaincheaptha.

An Bealach chun Tosaigh a Thaispeáint

Céim 1: Breithniú ar na Torthaí ón bPróiseas Diagnóise agus Pleanála

Trí fhéachaint arís ar na príomhthorthaí ó na céimeanna diagnóise agus pleanála agus iad a thabhairt cothrom le dáta, cinntímid go bhfuil na hiarrachtaí cur chun feidhme eolasach agus ailínithe go maith le do chuspóirí bardasacha. D'fhéadfadh moilleanna tarlú mar gheall ar thoghcháin nó athruithe reachtacha, mar sin tá sé tábhachtach athbhreithniú a dhéanamh ar an Tuarascáil maidir le Diagnóis Bochtaineachta Fuinnimh agus ar an bPlean Aeráide Sóisialta Áitiúil sula leantar ar aghaidh. Is é an sprioc atá ann a áirithiú go ndéanfar gach nuashonrú, amhail beartais nua nó athruithe polaitiúla, a ionchorprú agus a ailíniú leis na cuspóirí reatha. Trí pháirt a ghlacadh sa mheitheal, cinntímid go mbeidh gach ball, go háirithe baill foirne nua, ar an eolas agus ullamh chun bogadh ar aghaidh. Cuidíonn an cháipéisíocht le haon athruithe a dhéantar a rianú.

Céim 2: An Plean Oibriúcháin a Fhorbairt

Tá sé ríthábhachtach plean gníomhaíochta cuimsitheach a fhorbairt laistigh de thréimhse ama shocraithe. Caithfidh an phlean an straitéis fhoriomlán a mhiondealú ina tascanna soláimhsithe, ag sonrú freagrachtaí, frámaí ama agus acmhainní. Tá dhá phríomhchur chuige ann chun gach tasc a shainiú a) croineolaíoch: dul ar aghaidh ó thús go deireadh agus b) ar gcúl: Ag tosú ón gcuspóir deiridh agus ag obair ar gcúl chun na tascanna riachtanacha a chinneadh. Cruthaíonn meascán den dá chur chuige plean níos láidre, ag íoslaghdú moilleanna. Ina theannta sin, trí phróifíliú a dhéanamh ar theaghlaigh leochaileacha, is féidir gníomhaíochtaí spriocdhírithe a dhéanamh, amhail uaireanta seirbhíse áitiúla a choigeartú chun freastal níos fearr a dhéanamh ar a gcuid riachtanas.

Céim 4: Plean Faireacháin a Bhunú

Leis an bplean faireacháin, rianaítear dul chun cinn an tionscadail trí tháscairí feidhmíochta agus amlínte. Áireofar ann táscairí bochtaineachta fuinnimh (a shainaithnítear le linn chéim na diagnóise agus na pleanála) amhail líon na dtithe arna n-athchóiriú le haghaidh tomhaltóirí leochaileacha, mar aon le heochairtháscairí feidhmíochta (KPInna) le haghaidh dul chun cinn inmheánach. Ní mór modhanna bailithe sonraí, gníomhaithe freagracha agus acmhainní a shainiú. Áirithítear trédhearcacht agus cuntasacht le rannpháirtíocht rialta le tairbhithe agus le páirtithe leasmhara. Má thiteann táscairí áirithe ar gcúl, beifear in ann gníomhaíochtaí ceartaitheacha tráthúla a dhéanamh trí luathbhrathadóireacht.

Céim 3: Plean Airgeadais a Dhearadh

Leagtar amach sa phlean airgeadais an cineál caiteachais a d'fhéadfadh tarlú agus an tráth a mheastar a bheidh sé dlite do gach tasc agus fothasc. Áirítear ann meastachán a dhéanamh ar Chaiteachas Caipitil (CAPEX) le haghaidh infheistíochtaí aonuaire amhail bonneagar grianphainéal agus Caiteachas Oibríochtúil (OPEX) le haghaidh costais leanúnacha amhail tuarastail agus cothabháil. Cinntíonn an plean seo go bhfuil cistí ar fáil don tionscadail ar fad, ag seachaint aon cur isteach. Cuidíonn comhoibriú leis an roinn airgeadais chun a fháil amach an bhfuil gá le maoiniú seachtrach. Déantar measúnú sa phlean airgeadais freisin ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann amhail athruithe ar an margadh agus tugtar cuntas orthu sin chun cur chun feidhme rianúil a áirithiú.

Gníomh ar leith a Chur i bhFeidhm

Céim 5: Lionsa na Bochtaineachta Fuinnimh a Chur i bhFeidhm

Tugann an chéim seo léargais bhreise chun a áirithiú go dtugtar aghaidh ar riachtanais tomhaltóirí leochaileacha trí na gníomhaíochtaí sonracha a dtugtar tuairisc orthu thíos:

- **Feachtais feasachta:** Feachtais spriocdhírithe chun grúpaí leochaileacha a chur ar an eolas faoi éifeachtúlacht fuinnimh agus seirbhísí. Ní mór cuspóirí soiléire is féidir a bhaint amach a bheith acu, iad a chur in oiriúint don lucht féachana, le teachtaireachtaí simplí soiléire i struchtúr oiriúnacha, amhail feachtais dhigiteacha do lucht féachana níos óige agus cuir chuige phearsanta do dhaoine scothaosta.



- **Athrú iompraíochta:** Tá sé ríthábhachtach macasamhlú iompraíochtaí dearfacha agus éifeachtacha a thuiscint agus a chur chun cinn chun tomhaltóirí leochaileacha a mhealladh. Is féidir cineálacha éagsúla cur chuige ugacha a thástáil sula ndéantar iad a mhéadú chun a n-éifeachtacht don spriocghrúpa a chinntiú. Mar gheall ar ardíogaireacht an chur chuige, is iomchuí saineolas sonrach a chur i bhfeidhm.

- **Ionaid ilfhreastail:** Seirbhísí tacaíochta cuimsitheacha a thairiscint do theaghlaigh leochaileacha, lena n-áirítear comhairle maidir le fuinnimh, tuiscint ar bhillí fóntais agus scéimeanna tacaíochta athchóirithe chun cúpla ceann a ainmniú. Ionas go mbeidh siad éifeachtach, ní mór dóibh a bheith inrochtana agus soláimhsithe, agus uaireanta breise agus tacaíocht ilteangach a bheith acu de réir mar is gá.

- **Pobail fuinnimh chuimsitheacha:** Saoránaigh a chumhachtú trí thacú le tionscnaimh amhail tionscadail fuinnimh faoi úinéireacht an phobail, lena laghdaítear billí agus lena gcruthaítear poist ghlasa. Tá ról ríthábhachtach ag bardais trí thacú leis na tionscnaimh sin, go háirithe do theaghlaigh leochaileacha, trí thacaíocht airgeadais, fothú acmhainneachta agus tacaíocht riaracháin. Trí pháirt a thabhairt do thomhaltóirí leochaileacha go luath, áirithíonn bardais réitigh fuinnimh chuimsitheacha inacmhainne, rud a chothaíonn trédhearcacht agus a uasmhéadaíonn tairbhí an phobail áitiúil.

- **Athchóiriú tí agus feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh:** Aghaidh a thabhairt ar dhrochéifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh, go háirithe i gcás teaghlaigh nach bhfuil sé d'acmhainn acu athchóiriú a dhéanamh. Cuireann costais arda tithíochta, tithíocht phoiblí theoranta, agus easpa eolais theicniúil leis an tsaincheist. Tá dúshláin roimh rialtais áitiúla maidir le aghaidh a thabhairt ar athchóirithe tithíochta príobháideacha ach ní mór dóibh na tionchair dhlíthiúla, airgeadais agus shóisialta ar thionóntaí agus úinéirí tí atá bocht ó thaobh fuinnimh de a chur san áireamh agus réitigh atá tíosach ar fhuinneamh á gcur chun cinn acu.

- **Rialacháin dreasachta agus bearta airgeadais:** Cláir airgeadais shaincheaptha a thairiscint amhail deontais, fhóirdheontais, nó iasachtaí ar ús íseal chun cabhrú le teaghlaigh leochaileacha, a chinntiú go bhfuil siad inrochtana agus éasca le tuiscint (e.g. próiseas iarratais).

- **Beartais Eile:** Déantar cineálacha cur chuige nuálacha nua a thástáil. Is é an rud is tábhachtaí ná an spriocghrúpa a choinneáil i lár an phictiúir.



Athamharc agus Athbhreithniú

Céim 6: Meastóireacht a dhéanamh ar an Tionchar

Tá sé ríthábhachtach meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na ngníomhaíochtaí chun an éifeachtacht agus an macasamhlú fadtéarmach a thuiscint. Breathnófar sa mheasúnú ar na torthaí foriomlána do theaghlaigh leochaileacha, amhail coigilteas fuinnimh agus dálaí maireachtála feabhsaithe, agus baileofar aiseolas ó pháirtithe leasmhara. Tá an mheastóireacht bunaithe ar shonraí a bailíodh le linn na dtrí chéim agus cuirtear na torthaí i gcomparáid leis an anailís bhunaidh. Is féidir le meastóirí seachtracha a bheith rannpháirteach agus léargais neamhchlaonta a chur ar fáil, rud a chinnteoidh trédhearcacht. Leis an bpróiseas seo, is féidir straitéisí a bheachtú agus pleanáil níos fearr a dhéanamh le haghaidh tionscadail eile amach anseo

Is é an Mol Comhairleach maidir leis an bhFuinneamhbhochtaineacht (EPAH), príomhthionscnamh an Aontais Eorpaigh a reáchtálann an Coimisiún Eorpach ar iarratas ó Pharlaimint na hEorpa, a chuireann an doiciméad seo i dtoll a chéile. Tá an t-ábhar bunaithe ar 'Lámhleabhar 3 EPAH: Treoir maidir le Gníomhaíochtaí chun an Bhochtaineacht Fuinnimh a Mhaolú a Chur Chun Feidhme' atá mar chuid de 'Lámhleabhair EPAH: Treoir maidir leis an mBochtaineacht Fuinnimh a Thuiscint agus Aghaidh a Thabhairt uirthi'. Is é is aidhm don tsraith treoirleabhar praiticiúil do rialtais áitiúla agus do chleachtóirí áitiúla cabhrú le rialtais áitiúla dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh lena chinntiú go dtabharfar aghaidh go héifeachtúil ar na gnéithe sóisialta den aistriú fuinnimh. Dáta foilsithe: Samhain 2024.